



CÚIRT
INIÚCHÓIRÍ
NA hEORPA

GA

Preaseisiúint

Lucsamburg, 31 Eanáir 2022

Níl beartais cánachais fuinnimh an Aontais ar chomhchéim lena spriocanna aeráide

Is féidir le cánachas fuinnimh tacú le hiarrachtaí dul i ngleic leis an athrú aeráide ach ní léirítear an méid a thruaillíonn foinsí fuinnimh éagsúla sna leibhéal cánachais atá ann faoi láthair. Leagtar amach an bealach a gcuireann cánachais fuinnimh, praghsáil carbóin agus fóirdheontais fuinnimh le spriocanna aeráide AE a bhaint amach in athbhreithniú a d'fhoilsigh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa inniu. Cé gur tháinig méadú beagnach faoi cheathair ar fhóirdheontais fuinnimh inathnuaite le linn na tréimhse 2008-2019, d'fhan fóirdheontais breosla iontaise réasúnta leanúnach le deich mbliana anuas in ainneoin na ngealltanais ón gCoimisiún Eorpach agus roinnt ballstát maidir le deireadh a chur leo de réir a chéile. Leagtar amach sa tuarascáil a rinne na hiniúchóirí dúshlán a bhíonn roimh lucht ceaptha beartas: comhsheasmhacht cánachas fuinnimh a áirithiú thar earnálacha agus iompróirí fuinnimh; a laghdaíonn fóirdheontais breosla iontaise, agus cuspóirí aeráide a thabhairt le chéile le riachtanais shóisialta.

“Is uirlisí tábhachtacha iad cánachas fuinnimh, praghsáil carbóin agus fóirdheontais fuinnimh maidir le spriocanna aeráide a bhaint amach. Is é an dúshlán is mó, dar linn, an bealach a neartaímid na naisc idir bearta rialála agus airgeadais agus an meascán ceart a aimsiú idir an dá bheart sin”, a dúirt Viorel Ștefan, comhalta Chúirt Iniúchóirí na hEorpa atá freagrach as an athbhreithniú. “Lenár n-athbhreithniú, tá sé mar aidhm againn cur leis an bplé ar phraghsanna fuinnimh agus ar an athrú aeráide, agus go háirithe leis an díospóireacht atá le teacht faoin athbhreithniú atá beartaithe ar an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh”.

Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún cánachas fuinnimh a ailíniú le cuspóirí aeráide mar chuid den Chomhaontú Glas don Eoraip, arb é is aidhm den stráitéis an tAontas a dhéanamh aeráidneodrach faoi 2050. Tá dúshlán thromchúiseacha roimh an Aontas Eorpach maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar an reachtaíocht cánachais maidir le fuinnimh, rud a éileoidh aontoilíocht sa Chomhairle.

Dúshlán amháin is ea comhsheasmhacht a chinntiú ar fud an Aontais agus in earnálacha agus iompróirí fuinnimh ar caitheadh níos fabhraí leo roimhe seo. Faoin Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh atá ann cheana, d'fhéadfadh sé go mbeadh buntáiste cánach ag tuilleadh foinsí fuinnimh ar mó an truailliú i gcomparáid le foinsí fuinnimh atá níos éifeachtúla ó thaobh carbóin de: mar shampla, gearrtar cáin ar ghual níos lú ná gás nádúrtha, agus gearrtar cáin i bhfad níos lú ar roinnt breoslaí iontaise ná leictreachas. Thairis sin, cé go bhfochuireann tromlach na mBallstát cánacha arda ar bhreoslaí, coinníonn roinnt Ballstát eile cánacha gar don íosmhéid arna mbunú ag an Treoir agus d'fhéadfadh sé an margadh inmheánach a shaobhadh. Méadaíonn praghsanna ísealcharbóin

Is é is cuspóir don phreaseisiúint seo ná príomhtheachtaireachtaí na tuarascála speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a chur in iúl. Tá an tuarascáil iomlán ar fáil ag eca.europa.eu.

ECA Press

12, rue Alcide De Gasperi – L-1615 Luxembourg

E: press@eca.europa.eu @EUAuditors eca.europa.eu

agus cánacha fuinnimh íseal ar bhreoslaí iontaise costas coibhneasta a bhaineann le teicneolaíochtaí níos glaise agus cuireann siad moill ar an aistriú fuinnimh.

Thug na hiniúcháirí chun solais cé gur féidir le roinnt fóirdheontais fuinnimh a úsáid chun bogadh i dtreo geilleagair nach bhfuil chomh dian ar charbóin, cuireann fóirdheontais do bhreoslaí iontaise bac ar aistriú fuinnimh éifeachtúil. Ar an iomlán, is ionann fóirdheontais na mBallstát do bhreoslaí iontaise agus os cionn EUR 55 billiún in aghaidh na bliana agus caitheann cúig Bhallstát déag níos mó ar fhóirdheontais breosla iontaise ná ar fhóirdheontais fuinnimh inathnuaite. Beidh aistriú dúshlánach eacnamaíoch agus sóisialta mar sprioc i gceist le deireadh a chur le fóirdheontais breosla iontaise de réir a chéile faoi 2025, ar sprioc é a gheall AE agus a Bhallstáit a chomhlíonadh. D'fhéadfadh sé go mbeadh friotaíocht ar an aistriú i dtreo geilleagar níos glaise go háirithe, mar gheall ar thuairim cóir éagórach do roinnt grúpaí nó earnálacha. D'fhéadfadh tionchar suntasach a bheith ag an gcánachas ar theaghlaigh agus brú siar in aghaidh cánachais fuinnimh a bheith mar thoradh air. Is mór idir na méideanna a chaitheann teaghlaigh ar fhuinneamh (lena n-áirítear téamh agus iompar araon) i gcásanna áirithe, amhail na teaghlaigh is boichte sa tSeicia agus sa tSlóvaic, is féidir leo a bheith níos mó ná 20 % dá n-ioncam. Chun an riosca maidir le hathchóirithe cánacha a dhiúlú a mhaolú, tugann na hiniúcháirí aird ar mholtaí a rinne roinnt eagraíochtaí idirnáisiúnta, e.g. cánacha eile a laghdú agus bearta athdháilte a chur i bhfeidhm agus trédhearcacht agus cumarsáid níos fearr á n-áirithiú ag an am céanna maidir le cúiseanna na n-athchóirithe.

I mí Iúil 2021, mar chuid den phacáiste reachtaíochta “Fit for 55”, sraith de thograí arb é is aidhm dóibh AE a chur ar an mbealach i dtreo astaíochtaí gáis ceaptha a laghdú 55% faoi 2030, d'fhoilsigh an Coimisiún togra le haghaidh athbhreithniú ar an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh. Mar sin féin, cuireann sé ar chumas na mBallstát rátaí cánach fuinnimh a laghdú i gcás roinnt earnálacha, ar chúiseanna comhshaoil, éifeachtúlachta fuinnimh agus bochtaineachta fuinnimh. Áirítear freisin sa phacáiste togra chun Córas Trádála Astaíochtaí a leathnú go muirompar, agus tugann sé isteach córas trádála astaíochtaí ar leithligh le haghaidh iompair bóithre agus foirgnimh. Faoi gcóras atá ann faoi láthair, cuireann liúntais trádála astaíochtaí saor in aisce ar chumas roinnt rannpháirtithe sa mhargadh gan íoc as cuid dá n-astaíochtaí CO₂. Tá céimniú isteach an tSásra Coigeartaithe Teorann Carbóin ag gabháil le deireadh a chur de réir a chéile leis na liúntais saora a bhaineann leis an sceitheadh carbóin (i.e. méadú ar astaíochtaí gáis ceaptha teasa mar thoradh ar aistriú go dtí tír ina bhfuil srianta ar astaíochtaí línigh). Tá sé mar aidhm ag an sásra nua seo praghas a chur ar astaíochtaí carbóin a thagann ó allmhairí áirithe. Tugann na hiniúcháirí dá n-aire freisin agus an tograí sin á bplé acu go mbeadh ar an lucht ceaptha beartas na cuspóirí aeráide agus an tionchar sóisialta araon a chur san áireamh.

Faisnéis chúlra

Baineann an t-athbhreithniú úsáid as obair a rinne CIE cheana i réimse an fhuinnimh, an athraithe aeráide, agus an chánachais, chomh maith le faisnéis atá ar fáil don phobail agus ábhar a bailíodh go sonrach chun na críche sin.

San athbhreithniú, cumhdaítear an tréimhse 2008 go dtí Iúil 2021. Chuireamar sonraí breise san áireamh a cuireadh ar fáil tar éis mhí Iúil 2021 maidir leis an bpraghas atá ar cheadanna astaíochta AE (go dtí an 30 Samhain 2021) agus maidir le fóirdheontais fuinnimh (sonraí ó mhí Dheireadh Fómhair 2021).

Tá athbhreithniú CIE “*Cánachas fuinnimh, praghsáil carbóin agus fóirdheontais fuinnimh*” ar fáil ar shuíomh [gréasáin CIE](#).

Teagmháil phreasa

Preasoifig Chúirt Iniúcháirí na hEorpa: press@eca.europa.eu

- Claudia Spiti: claudia.spiti@eca.europa.eu - T: (+352) 691 553 547
- Vincent Bourgeois: vincent.bourgeois@eca.europa.eu - T: (+352) 691 551 502